

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

**Cigireacht Ábhair Matamaitice  
TUAIRISC**

**Coláiste an Eachréidh  
Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe  
Uimhir Rolla: 76102K**

**Dáta na Cigireachta: 3 Márta 2016**



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

**TUAIRISC**  
**AR**  
**CHÁILÍOCHT FOGHLAMA AGUS TEAGAISC SA MHATAMAITIC**

---

**EOLAS AR AN GCIGIREACHT**

<b>Dáta(i) na Cigireachta</b>	2 agus 3 Márta 2016
<b>Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar dhoiciméid ábhartha</li><li>• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí</li><li>• Caidreamh le scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i gcúig cinn de thréimhsí ranga</li><li>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí</li></ul>

**PRÍOMHCHINNTÍ**

- Bhí an teagasc agus an fhoghlaim go maith nó go han-mhaith i bhformhór na gceachtanna agus tugadh cleachtas sármhaith faoi deara i gceacht amháin.
- Spreagtar na daltaí go láidir agus tugtar lán-tacaíocht dóibh, chun staidéar a dhéanamh ar an Matamaitic ar an leibhéal is airde go ceann tréimhse chomh fada agus is féidir.
- Ba léir go raibh dáimhiúlacht mhaith dhearfach idir na múinteoirí agus na scoláirí.
- Tá pleanáil roinne d'ardchaighdeán acu; tá sé soiléir, cuimsitheach agus tá dea-struchtúr air.
- Ní mór do bhaill na roinne tabhairt faoin éagsúlacht i gcáilíocht an obair bhaile agus na monatóireachta a dhéantar air, d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé ar aon dul leis na beartais scoile uile um obair bhaile agus measúnacht.
- Ní i gcónaí a thug socruithe suíocháin na ndaltaí na deiseanna is fearr le haghaidh foghlama comhoibrithí cuimsithí.

**PRÍOMH-MHOLTAÍ**

- Tá gá le níos mó aire a dhíriú ar an réimse a bhaineann le monatóireacht ar obair bhaile agus cóipleabhair chun a chinntiú go mbaintear leas iomlán as gnáthobair lae na ndaltaí agus go bhfuil cleachtas na mball roinne uile ag teacht le treoirlínte beartais na scoile um obair bhaile agus measúnacht.
- Ba chóir leagan amach an tseomra ranga agus na socruithe suíocháin a bheith eagraithe ar shlí níos fearr chun foghlaim chomhoibritheach chuimsitheach a éascú agus chun tacaíocht phiara a chur ar fáil do gach dalta.

## RÉAMHRÁ

Iarbhunscoil lán-Ghaeilge is ea Coláiste Eachréidh, faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB). Scoil comhoideachais il-chreidmheach is ea í agus tá 154 dalta ar an rolla faoi láthair. Bunaíodh sa bhliain 2006 í agus tá sí ag freastal ar scoilcheantar fairsing. Tairgeann an scoil an Teastas Sóisearach, Idirbhliain éigeantach agus an Ardteistiméireacht bhunaithe.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Breathnaíodh teagasc agus foghlaim maith agus an-mhaith i bhformhór na gceachtanna. Sna ceachtanna ab fhearr taispeánadh leanúnachas an-mhaith le réamhfhoghlaim agus leanadh ar aghaidh ag luas a bhí oiriúnach don chohórt. Breathnaíodh cleachtas sármhaith i gceacht amháin ina raibh na daltaí ag obair go comhoibritheach ar thasc céimnithe a bhí dúshlánach mar sin féin. Bhí na scileanna riachtanacha bunaithe ar chleachtadh obair bhaile an cheachta roimhe sin. Ba iad foghlaim phiara idir daltaí agus grúpaí a bhí éascaithe go maith an mhodheolaíocht a úsáideadh. Lasmuigh de na daltaí a bheith gafa ar feadh tréimhse ar fad an ranga bhain an múinteoir úsáid as am an ranga ar fad chun a chinntiú gur tuigeadh an t-ábhar, chun tacú le foghlaim agus chun dul chun cinn a spreagadh. Tugadh cleachtaí forlíontacha de chineál níos deacra do dhaltaí a chríochnaigh an tasc. Ba chóir don ardchaighdeán foghlama a sealbhaíodh sa cheacht eiseamláireach seo a bheith mar bhonn eolais faoin gcaighdeán a leagfar síos i gcomhair planála uile don am atá romhainn.
- Tugadh barrchleachtas faoi deara ina raibh na daltaí uile spreagtha agus lánghafa ag gníomhaíochtaí uile an tseomra ranga. Bhí lántuiscint acu ar a rabhtas ag súil uathu agus thuigeadar go soiléir tasc an obair bhaile a tugadh dóibh. I gcásanna áirithe ina bhféadfaí feabhsú, ní raibh gach dalta gafa nó ní raibh lántuiscint ag gach dalta ar na tásca a tugadh dóibh le haghaidh ceachtar díobh, obair ranga nó obair bhaile.
- Ní mór aird a dhíriú ar mhonatóireacht ar chóipleabhair mar ní bhaintear lánúsáid astu chun tacú le teagasc agus foghlaim. Is féidir le monatóireacht rialta i dteannta aiseolais mhúnlaithigh a dhéantar chun dea-obair a dhaingniú, treoir i gcomhair feabhsaithe a thabhairt agus deis a chur ar fáil chun athbhreithniú ar dhul chun cinn a dhéanamh, a bheith ina cabhair chun a chinntiú gur doiciméid athbhreithnithe luachmhara iad na cóipleabhair. Bhí idir chaighdeán míshásúil agus caighdeán an-mhaith ag na cóipleabhair agus an obair a cuireadh i láthair. Bhain daltaí áirithe úsáid as cóipleabhair a raibh nótaí a bhain le hábhair eile agus graifítí iontu agus bhí droch-chuma orthu siúd.
- Tá bunachar acmhainní teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) á chur le chéile ag an roinn matamaitice, rud atá inmholta mar tugann na hacmhainní deis do na daltaí gabháil siar ar cheachtanna agus féinmheasúnacht a dhéanamh. Lena chois sin cuireann siad ar chumas na múinteoirí acmhainní atá tairgthe acu nó aimsithe acu a roinnt. Baineadh úsáid as TFC i gcásanna áirithe chun cur le teagasc agus foghlaim sna ceachtanna.
- Moltar socrúithe suíocháin na ndaltaí a athrú chun deimhin a dhéanamh de go gcuimsítear na daltaí uile agus go dtacaítear leo go barmhaith sna ceachtanna. Cuirfidh leagan amach dea-mheáite an tseomra ranga agus na bpleananna suíocháin deiseanna breise ar fáil i gcomhair tacaíocht piara agus monatóireacht piara, rud a chuirfeadh go mór le heispéiris foghlama na ndaltaí uile.

## **SOLÁTHAR ÁBHAR AGUS TACAÍOCHT SCOILE UILE**

- Tá socrú amchláir don tsraith shóisearach agus na ranganna idirbhliana ag teacht leis na ciorcláin ábhartha. Tá ranganna uile na sraithe sinsearaí ag baint leasa as rang matamaitice breise uair sa teachtain, rud atá inmholta. Ba léir go raibh tairbhe ag gabháil le seomraí ranga múinteoir-bhunaithe mar bhí na daltaí ag obair i dtimpeallachtaí foghlama maisithe lán d'uimhearthacht. Lena chois sin cabhraíonn sealaíocht múinteoirí ar fud na leibhéal chun cumas a chur chun cinn i measc baill na roinne.
- Tacaítear go breá le teagasc agus foghlaim trí acmhainní a chur ar fáil atá á maoiniú ag an mbainistíocht de réir mar a iarrtar é. Tá áiseanna an-mhaithe TFC ar fáil do na múinteoirí agus do na daltaí. Tá rochtain mhaith i ngach seomra ranga ar áiseanna roinnte ar líne a bhfuil teacht orthu laistigh den scoil agus lasmuigh di.
- Tá iarracht á déanamh ag an bhainistíocht agus an roinn matamaitice chun a chinntiú go n-oibríonn gach dalta de réir a lánacmhainneachta. Cé go gcuirtear ranganna ardleibhéil agus gnáthleibhéil ar fáil ó thús na dara bliana agus na cúigiú bliana is féidir aistriú idir leibhéil mar thoradh ar shocruithe amchláir comhthráthacha. Ach spreagtar na daltaí chun cloí leis an leibhéal is airde chomh fada agus is féidir.
- Tá cumas measctha sna ranganna Idirbhliana agus tacaíodh le daltaí iontu chun go leanfaidís ar aghaidh leis an gcúrsa ardleibhéil agus anois is arís tacaítear le dalta aistriú suas chuig an ardleibhéal ar dhul isteach sa tsraith shinsearach dó/di. Tacaítear le daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais nó le riachtanais foghlama bhreise ina gcuid ranganna nó i ngrúpaí beaga de réir mar is cuí.
- Tacaíonn an bhainistíocht le rannpháirtíocht na múinteoirí i bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus spreagtar iad chun tabhairt fúithi. Baineann na múinteoirí leas as an oiread deiseanna is féidir ina gcuid ama féin agus in am na scoile araon.

## **PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN**

- Tá baill na roinne fíorthiomanta do theagasc agus d'fhoghlaim na Matamaitice. Bíonn cruinnithe foirmiúla acu go rialta a gcoinnítear miontuairiscí orthu agus lena chois sin bíonn siad ag comhoibriú go neamhfhoirmiúil go minic.
- Moltar an roinn as ucht plean cuimsitheach soiléir a bhfuil struchtúr maith air a chur ar fáil ar líne. Ba chóir mionsonraí ar mhodheolaíochtaí éagsúla a úsáidtear agus úsáid acmhainní a chabhraíonn chun cuspóirí foghlama a bhaint amach a chur san áireamh d'fhonn acmhainneacht a uasmhéadú. Chomh maith leis sin ba thairbheach an rud é straitéisí measúnachta a úsáidtear maidir le gach topaic a chur san áireamh. Cé gur ar bhonn neamhfhoirmiúil a pléadh na gnéithe seo beidh sé ina chabhair don roinn iad a ghlacadh san áireamh i bplean na roinne chun doiciméad luachmhar d'athbhreithniú a chur ar fáil agus chun leanúnachas cleachtais a áirithiú nuair a thagann ball foirne nua isteach chuig an roinn.
- Ba léir go raibh ardleibhéal pleanála don duine aonair ar siúl i dtaobh gach ceachta a breathnaíodh, nach mór. Mar thoradh air seo bhí daltaí ag obair ar thascanna fionnachtana uaireanta áirithe, d'fhonn foghlaim a chur chun cinn agus réamheolas a leathnú. Cuireadh acmhainní ábhartha ar fáil agus tugadh treoracha soiléire. I gcuid fhíorbheag ceachtanna cailleadh deiseanna chun an fhoghlaim a mhéadú tuilleadh trí obair ghrúpa níos dírithe a éascú a mbeadh aiseolas ó dhalta chuig an ngrúpa ranga ar fad mar bhuaicphointe acu. Is

réimse nach mór tuilleadh forbartha a dhéanamh uirthi í níos mó idirghníomhú idir daltaí d'fhonn cleachtadh a dhéanamh ar smaointe a chur i bhfriotal agus d'fhonn úsáid teanga na matamaitice i measc na ndaltaí a threisiú.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.